# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 13 - 19 Meitheamh 2026**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamonn Mulvihill 066-7139145

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 13 Meitheamh ar a 7.30in**
**Intinn:** Anna Marie Ruiséal, Bóthar Buí, C.M.
**Dé hAoine, 19 Meitheamh ar a 7.00in**
**Intinn:** Vincent Harty, Muiríoch, Londain agus Baile na Sceilg, CB, a mhuintir agus Muintir Mhuircheartaigh atá ar shlí na fírinne, agus Tom agus Marie Uí Chonchúir, Cill Mhaolchéadair, C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 14 Meitheamh ar a 11.00rn**
**Intinn:** **1.** Seán agus Siobhán de Lóndra, Baile an Chaladh, C.B.
**2.** Jane agus Eddie Warren, Magh Cromtha agus Dún Chaoin, C.B.
**(Aifreann Beo ar Raidió na Gaeltachta)**
**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 21 Meitheamh ar a 9.00rn**
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 21 Meitheamh ar a 10.00rn**

**Guí an Phobail**
Bob Willis , Na Clocha Liatha , Co.Chill Mhantáin, a fuair bás le déanaí.

**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn,
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in

Tá **gléas Buail agus Tabhair** i Séipéal Naomh Uinseann anois, is féidir airgead a thabhairt don bparóiste le do chárta bainc. €2, €5, €10, nó €20 ann.

Tugann **Chime** tacaíocht do dhaoine go bhfuil an éisteacht ag teip nó teipithe orthu. Beidh clinic saor in aisce acu i Halla na Measarachta, Príomh Shráid sa Daingean, Dé Céadaoin, 24 Meitheamh, idir 12.00 – 2.00in. Glaoigh ar Jerry 087-3747327 chun coinne a dhéanamh.

**Aifrinntí sna Reiligí agus Beannú na nUaigheanna 2026**
Reilig Dhún Chaoin, Dé Máirt, 16 Meitheamh ar a **7.00in (féach an t-am)**
Reilig Dhún Urlann, Dé Céadaoin, 17 Meitheamh ar a 7.30in
Seana Reilig Chill Mhaolchéadair, Déardaoin, 18 Meitheamh ar a 7.30in
Reilig Nua Chill Chuáin, Dé Luain, 22 Meitheamh ar a 7.30in
*Má bhíonn sé fliuch beidh na hAifrinntí sna séipéil!*



**Oilithreacht go Ceann Chiarraí**
Tá oilithreacht á eagrú ag Craobh Chiarraí do Chumann na Sagart go Ceann Chiarraí, Dé Luain, 22 Meitheamh. Tosnóidh an oilithreacht ag Tobar Mhuire, Baile Uí Thaidhg ar a 3.00in, ansan ar aghaidh go Tobar Bheannaithe Naomh Dahilan - Tobar na Súl, ag féachaint amach ar bhéal na Sionainne. Tabharfar turas ansan ar Shéipéal agus Reilig Naomh Eirc agus Dealbh Chuimhneacháin Mhic Easmainn mar cheann chúrsa. Beidh an stairí Micheál Ó hAllarmhúin ag ceann na hoilithreachta. Gach eolas: An tAthair Tomás Ó Luanaigh 087-2213799. Ní bheidh bus ar fáil. Fáilte roimh chách.

**Fuinneog Daite i Séipéal na Carraige**
Tá athchoiriú ár dhéanamh ar an bhfuinneog daite (Muire na Síor Chabhrach) ar bhinn Shéipéal na Carraige faoi láthair. Cosnóidh an togra seo agus an obair a bhaineann leis timpeall €25,000. Má tá éinne sásta cabhrú bheimís buíoch as síntiúis. Go gcuití Dia go fial le gach duine a thug síntiúis go dtí seo

**Bailiúchán do Leanaí Chornobyl IdirnáisiúntaBailiúchán do Leanaí Chornobyl Idirnáisiúnta**
Beidh bailiúchán ag geataí na séipéil i nDún Chaoin agus i mBaile an Fheirtéaraigh ar an nDomhnach, 21 Meitheamh ar mhaithe le Leanaí Chornobyl Idirnáisiúnta.

## Fuinneog Daite i Séipéal na Carraige

Tá athchoiriú ár dhéanamh ar an bhfuinneog daite (Muire na Síor Chabhrach) ar bhinn Shéipéal na Carraige faoi láthair. Cosnóidh an togra seo agus an obair a bhaineann leis timpeall €25,000. Má tá éinne sásta cabhrú bheimís buíoch as síntiúis. Go gcuití Dia go fial le gach duine a thug síntiúis go dtí seo.

## Adhradh i Séipéal Naomh Gobnait

Beidh Adhradh na Naomhshacraimint i Séipéal Naomh Gobnait an Domhnach seo, 14 Meitheamh óna 2.00-4.00in. Fáilte roimh chách.



### Mí an Mheithimh – Mí an Chroí Ró-Naofa

Mar chomhartha ar an bhfoinse is doimhne agus is pearsanta dá ghrá dúinn, is é croí Chríost is croílár do bhunteagasc an tsoiscéil. Seasann sé i mbéal ár gcreidimh, mar thobar na fíoruisce a thugann beocht is beatha as an nua dár gcreideamh Críostaí.( Ón imlitir mar gheall ar an ndeabhóid don gCroí Ró-Naofa dár teideal Delixit Nos a scríobh an Pápa Proinsias)

**Rinne duine de na saighdiúirí a chliathán a tholladh le sleá, agus tháinig fuil agus uisce amach láithreach. Eoin 19.34**

An uair chasfadsa arís led ghuí-se, a bhláth na n-ord,
Fá thearmainn Chríost is díon a ghrás 'om chomhad,
Biaidh garbhchnoic fraoigh na líog do chráigh mé romham
'na machairí míne síoda 's 'na mbánta sróill.
Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin (1715 – 1795)

### Diarmaid Ó hIarlatha agus a Chompánaigh (Mairtírigh na hÉireann, 20 Meitheamh)

D'ainmnigh an Pápa Naomh Eoin Pól II an seachtar déag seo mar bheannaithe sa bhliain 1992. Cuireadh na mílte chun báis ar son an chreidimh i rith na géarlanúna sa tír seo. Ar an liosta nua tá atá á scrúdú tá an tAthair Tadhg Ó Muircheartaigh **(**Fr. Thaddeus Moriarty, OP), ceann de na mairtírigh Éireannacha is cáiliúla sa 17ú haois a d'fhulaing bás mar gheall ar a chreideamh faoi réimeas Chromail. Bhí sé ina phrióir ar Ord na nDoiminiceach i dTrá Lí, Contae Chiarraí.

### Ní Neart Go Cur Le Chéile

Iarrtar ort teacht amach agus seasamh a thógaint ar son breis foirne, leapacha, áiseanna agus seirbhísí a bheith ar fáil in Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne, Dé Sathairn, 20 Meitheamh, ar a 3.30in in Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne. Breis eolais 0872890625 / 0863892129.

**Ciste an Pharóiste €860.00, Bl Sp Pinginí Pheadair €130.00**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie